

TUILTE



Má tá d'fheirm i mbaol ó thuilte:

1. Má bhíonn baol ard tuilte ann, athraigh an beostoc chuig áit a mbeidh tú in ann teacht air.
2. Meas cé chomh domhain is atá fuarlaigh sula dtiomáinfidh tú tríothu.
3. Ná tiomáin ach feithiclí atá oiriúnach má chaitheann tú tiomáint trí fhuarlaigh.
4. Cuir trealamh luachmhar agus an soláthar breosla ar chaoi shábháilte.

TREALAMH CONTÚIRTEACH

Bí cúramach le trealamh sa gheimhreadh:

Sábh Slabhrach : Féach Treoir an HSA faoi bheith ag obair le hAdhmad agus le Sábh Slabhrach ag www.hsa.ie.

Gineadóirí Taca: Ná úsáid ach lasmuigh mar d'fhéadfadh murch a bheith thú a mharú.

CAITH SÚIL AR DHAOINE AOSTA



Más deacair leatsa do bhealach a dhéanamh, beidh sé dodhéanta acusan.

1. Glaoigh ar an bhfón nó buail isteach.
2. Déan cinnte go bhfuil dóthain breosla, bia agus cógais acu.
3. Má tá amhras ort glaoigh ar na Gardaí agus iarr orthu seiceáil orthu.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó:

- www.agriculture.gov.ie
- www.emergencyplanning.ie
- www.teagasc.ie
- www.hsa.ie
- www.met.ie

Líne Cúnaimh Leasa Ainmhithe: 1850 211 990

BÍ ULLAMH DON GHEIMHREADH



DO THEAGHLAIGH FEIRME

**Tusa
d'Fheirm
agus an Geimhreadh**
Eolas Praiticiúil i gcás Drochaimsire

Arna chur i dtoll a chéile ag:

- An Oifig um Pleanáil Éigeandála
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Teagasc
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta



www.winterready.ie

@emergencyE



An Roinn Cosanta
Department of Defence
An Oifig um Pleanáil Éigeandála
Office of Emergency Planning

Department of
Agriculture,
Food and the Marine
An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

teagasc
AGRICULTURE AND FOOD DEVELOPMENT AUTHORITY

HSA
HEALTH AND SAFETY
AUTHORITY

BÍ SÁBHÁILTE



Slí bheatha chontúirteach í an fheirmeoireacht i gcónaí ach bíonn sí níos contúirtí sa drochaimsir.

Bhí an aimsir fiordhona le cúpla geimhreadh anuas, sneachta trom agus tuilte móra in áiteanna.

Anois an t-am le PLEANÁIL chun go mbeidh a laghad tionchair agus is féidir ag an drochaimsir ortsa, ar d'fheirm agus ar do theaghlach.

Bí airdeallach:

- Sula dtéann tú amach, inis do dhuine éigin i gcónaí cá bhfuil tú ag dul agus cé chomh fada is a bheidh tú amuigh
- Bíodh do dhóthain éadaigh ort
- Bíodh fón póca luchtaithe agus lampa ar iompar agat



AIMSIR FHUAR & SNEACHTA



1. Pleanáil mar a thabharfaidh tú bia agus uisce chuig an stoc.
2. Ná reofadh meaisíní ná soláthairtí uisce:
 - Bíodh téitheoirí teasrialaithe sa teach caidéil
 - D'fhéadfaí pluid inslithe/leathán plaisteach a leagan ag an mbealach isteach sa bhleánlann a stopfadh na bliteoirí ag reo
 - Draenáil na pumpaí níocháin
3. Seiceáil leibhéal an oibreáin frithreo i do chuid meaisíní ar fad.
4. Bíodh plean agat chun bealaí timpeall fhoirgnimh na feirme a ghlanadh agus bíodh stór d'ábhar grín agus salann agat
5. Nuair a bhíonn tú ag cuardach ainmhithe sa sneachta, caith éadach ardfheiceálach go mbeidh sé éasca tú a fheiceáil.

AIRE DON BHEOSTOC



1. Glac cuntas ar fhodar san earrach agus faigh amach cé méid a theastóidh sa gheimhreadh.
 - Coinnigh burla nó dhó le cois in aghaidh an chloiginn, go háirithe ar fheirmeacha talamh fliuch
2. Cuir an oiread féir ag fás agus is féidir sa séasúr fáis le go mbeidh bia geimhridh breise istigh.
3. Déan anailís ar do chuid sadhlais. Beidh an méid bia breise a thabharfaidh tú don stoc ag brath ar chaighdeán an tsadhlais.
4. Bíodh salann agus grean réidh agat ionas go mbeidh teacht agat ar na seideanna sa chás go mbeadh sé ag cur sneachta nó ag sioc.
5. Bíodh plean ullamh agat i gcás aon ghearradh cumhachta

Tusa, d'Fheirm agus an Geimhreadh